NPPR
Non-Principal Private Residence

FOIRM CHLÁRÚCHÁIN DO CHUSTAIMÉIR NUA

NPPR11N

A. UPSP/UTC Úinéir na Réadmhaoine (Féach Nóta A)

Má tá cónaí ort i dtír lasmuigh de Phoblacht na hÉireann **agus** gan UPSP/UTC a bheith agat, cuir tic sa bhosca seo le do thoil ☐

B. SONRAÍ AN ÚINÉARA (Féach Nóta B) **ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL**

Céad Ainm

Sloinne

Ainm Comhlachta (más infheidhme)

Teagmhálaí Comhlachta

Céad Ainm

Sloinne

Seoladh do Chomhfhreagras

Contae

Tír

Uimhir Teileafóin

Uimhir Teileafóin Póca

Seoladh Ríomhphoist

C. RÉADMHAOINE ATÁ LE CLÁRÚ (Cónaí Príobháideach Neamhphríomha) (Féach Nóta C)

Réadmhaoin 1 ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán ☐

Arbh í an réadmhaoin seo do CPN ar na dátaí seo a leanas: 31ú Iúil 2009 Ba é ☐ Níorbh é ☐ (Féach nóta C)

31ú Márta 2010 Ba é ☐ Níorbh é ☐

31ú Márta 2011 Ba é ☐ Níorbh é ☐

Réadmhaoin 2 ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán ☐

Arbh í an réadmhaoin seo do CPN ar na dátaí seo a leanas: 31ú Iúil 2009 Ba é ☐ Níorbh é ☐ (Féach nóta C)

31ú Márta 2010 Ba é ☐ Níorbh é ☐

31ú Márta 2011 Ba é ☐ Níorbh é ☐

Ar lean ar an gcéad leathanach eile….

D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Account Ref Code:	LA STAMPA & DÁTA	**UIMHIR LOGA:**
Transaction ID:		

C. RÉADMHAOINE ATÁ LE CLÁRÚ (*Ar lean*) ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Réadmhaoin 3 ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán ☐

Arbh í an réadmhaoin seo do CPN ar na dátaí seo a leanas: 31ú Iúil 2009 Ba é ☐ Níorbh é ☐ (Féach nóta C)
31ú Márta 2010 Ba é ☐ Níorbh é ☐
31ú Márta 2011 Ba é ☐ Níorbh é ☐

Réadmhaoin 4 ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán ☐

Arbh í an réadmhaoin seo do CPN ar na dátaí seo a leanas: 31ú Iúil 2009 Ba é ☐ Níorbh é ☐ (Féach nóta C)
31ú Márta 2010 Ba é ☐ Níorbh é ☐
31ú Márta 2011 Ba é ☐ Níorbh é ☐

(Má tá níos mó ná 4 réadmhaoin le clárú – usáid leathanach ar leith le do thoil)

D. SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA – Ní mór íoc in EURO (Féach Nóta D)

Íocaíocht le Seic nó le Dréacht Bainc ***Iníoctha le NPPR***

Seic ☐ Dréacht Bainc ☐

Uimhir Seic | Cód Sórtála Bainc | Méid €

Íocaíocht le hOrdú Poist ***Iníoctha le NPPR***

Uimhir an Ordaithe Poist | Méid €

Íocaíocht le Cárta

Visa ☐ Mastercard ☐ Laser ☐

Uimhir Cárta

Dáta Éaga M M B B

Ainm Shealbhóir an Chárta

Síniú Shealbhóir an Chárta

Méidt €

E. CEIST SLÁNDÁLA– *Roghnaigh ceist amháin le do thoil* (Féach Nóta E)

a) Cén sloinne a bhí ag do Mháthair sular phós sí? ☐
b) Cén t-ainm a bhí ar an gcéad pheata a bhí agat? ☐
c) Céard é d'áit bhreithe? ☐
d) Cá bhfuil do chomhlacht lonnaithe? ☐

ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL

Freagra

F. SÍNIÚ (Féach Nóta F) - *Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuas cruinn*

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí **MURA** mian leat fógraí meabhrúcháin CPN a fháil: Ar Theileafón Póca ☐ Trí Ríomhphost ☐

Síniú Úinéir na Réadmhaoine/an Ghníomhaire

Dáta L L M M B Y B

Seol an fhoirm chomhlánaithe chuig NPPR, Bosca Oifig Phoist 11654, Baile Átha Cliath 8 nó chuig an t-Údarás Áitiúil ábhartha

Nótaí maidir le Comhlánú na Foirme Clárúcháin do Chónaí Príobháideach Neamhphríomha – NPPR11N

Más rud é gur chláraigh tú réadmhaoine sa bhliain 2009 nó 2010 comhlánaigh an fhoirm athnuachana NPPR11R le do thoil

Úsáid BLOCLITREACHA agus an fhoirm á comhlánú agat. Scríobh ar bhealach soiléir agus cruinn laistigh de na boscaí. NÁ húsáid scríbhneoireacht cheangailte.

A – UPSP/UTC:

- Má tá cónaí ort i dtír lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus mura bhfuil UPSP/UTC agat, cuir tic sa bhosca chun é seo a dhearbhú le do thoil agus fág an UPSP/UTC folamh le do thoil.
- Níl ach UPSP (tugtar uimhir RSI uirthi freisin) amháin ag gach duine agus baintear úsáid as chun daoine a bhfuil ainmneacha nó seoltaí comhchosúla acu a idirdhealú. Is iondúil go mbíonn an UPSP le fáil ar ráitis chánach agus leasa shóisialaigh agus ar fhoirmeacha P60. Mura bhfuil UPSP agat, déan teagmháil le d'oifig áitiúil den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá úsáid an UPSP faoi rialú an dlí. Tá Cód Cleachtais an UPSP ar fáil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ar a suíomh gréasáin **(www.welfare.ie).**
- UTC – Dlitear d'aon chomhlacht a chláraítear in Éirinn cáin a íoc go huathoibríoch agus dá bharr sin tá uimhir thagartha cánach aige.

B –SONRAÍ ÚINÉARA:

- Más ionadaí thú thar ceann comhlachta nó eagraíochta, cuir isteach Ainm an Chomhlachta agus ainm an teagmhálaí don chomhlacht le do thoil.
- Bí cinnte go gcuirfidh tú seoladh isteach le haghaidh comhfhreagrais mar go seolfar admháil chuig an seoladh seo nuair a bheidh d'fhoirm próiseáilte.
- Má tá an réadmhaoin i gcomhúinéireacht, beidh na comhúinéirí uile faoi dhliteanas ach scaoilfidh íocaíocht ó aon duine de na comhúinéirí dliteanas gach comhúinéir. Cuir isteach sonraí úinéara AMHÁIN le do thoil.

C – RÉADMHAOINE ATÁ LE CLÁRÚ:

- Roghnaigh 'Is ea' nó 'Ní hea' le do thoil in aice leis an gceist – Arbh í an réadmhaoin seo do CPN ar na dátaí seo a leanas: 31/07/09, 31/03/10 agus 31/03/11
    - Más rud é gur roghnaigh tú *Is ea* do "31/07/09" nó do "31/03/10" agus
        - Mura bhfuil dliteanas 2009 nó 2010 íoctha, sa chás sin beidh feidhm ag pionóis ródhéanacha NÓ
        - Más rud é gur íocadh dliteanas 2009 nó 2010, sa chás sin comhlánaigh Foirm Athnuachana NPPR11R do Chónaí Príobháideach Neamhphríomha le do thoil.
- Sonraigh le do thoil an limistéar údaráis áitiúil ina bhfuil an áitreabh suite. Is iad seo a leanas na hÚdaráis Áitiúla:
  Comhairlí Cathrach - Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge.
  Comhairlí Contae- Dún Laoghaire – Ráth an Dúin, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Ceatharlach, Cabhán, An Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Liatroim, Luimneach, Longfort, Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Uibh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann Thuaidh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, An Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin.
- Má tá níos mó ná 4 réadmhaoin le clárú agat, comhlánaigh foirm NPPR11A (Foirm Chlárúcháin CPN Réadmhaoine Bhreise le Clárú) agus ceangail le d'Fhoirm Chlárúcháin é.

D – SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA:

- Is iad na táillí atá leagtha amach thíos na muirir atá iníoctha maidir leis na blianta 2009, 2010 agus 2011. Is é **€200** an táille iníoctha in aghaidh an CPN in aghaidh na bliana sa bhliain 2009, 2010 agus 2011. Tá foráil san Acht mura n-íocfaí muirear laistigh de mhí i ndiaidh an dáta deireanaigh le haghaidh íocaíochta go ngearrfar táille íocaíochta déanaí ar gach mí nó cuid de mhí a mbeidh an €200 fós gan a bheith íoctha. I gcás na bliana 2009, fágann sé sin go mbeidh táille íocaíochta déanaí i gceist le gach CPN tar éis an 31ú Deireadh Fómhair. (Mar shampla, má tá muirear 2009 á íoc agat ar CPN amháin i mí Aibreáin 2010, is é an méid a bheadh dlite €200 + 6 x €20 = €320). I gcás na mblianta 2010 agus 2011, beidh feidhm ag an táille íocaíochta déanaí do gach íocaíocht a dhéantar tar éis an 30ú Meitheamh 2010. Is é €20 an táille íocaíochta déanaí in aghaidh na réadmhaoine in aghaidh na míosa nó cuid de mhí. **Leanfaidh táillí íocaíochta déanaí ag carnadh fad is a fhanfaidh an muirear gan íoc agus tá an méid atá i gceist in ann a bheith substaintiúil.**
- Ní ghlacfar le hairgead tirim. Is iad na cineálacha íocaíochta atá inghlactha ná Seic, Dréacht Bainc agus Ordú Poist iníoctha don 'NPPR'. Glacfar le híocaíocht Chárta Creidmheasa/Laser nó Mastercard freisin.
- Ní ghlacfar le híocaíocht ach amháin in **EURO**.

E – CEIST SLÁNDÁLA:

Is é an aidhm atá ag an gceist slándála cosaint a thabhairt don fhaisnéis atá curtha ar fáil agat agus féadfar é a iarraidh ort sa todhchaí chun do chéannacht a fhíorú.

F – SÍNIÚ:

Ní mór d'úinéir an CPN (nó úinéir amháin má tá an réadmhaoin i gcomhúinéireacht) nó a g(h)níomhaire údaraithe an fhoirm iarratais a shíniú agus dáta a chur uirthi ag am a sínithe.

NÓTAÍ

- Sula seolfaidh tú an fhoirm, cinntigh le do thoil go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas san áireamh agat:
    - UPSP/UTC
    - Ainm an úinéara agus seoladh do chomhfhreagras
    - Sonraí na réadmhaoine atá le clárú
    - Tá an fhoirm sínithe agat agus an dáta curtha uirthi
    - Tá an íocaíocht faoi iamh agat.
    - Cinntigh le do thoil go bhfuil gach bileog scaoilte stápláilte le chéile

TÁ AN FHAISNÉIS THUAS DE DHÍTH CHUN D'FHOIRM A PHRÓISEÁIL.
SEOLFAR FOIRMEACHA NACH BHFUIL COMHLÁNAITHE GO hIOMLÁN AR AIS CHUGAT

Seol an fhoirm chomhlánaithe agus an íocaíocht chuig NPPR, Bosca Oifig Phoist 11654, Baile Átha Cliath 8 nó chuig an Údarás Áitiúil ábhartha

NÓTA: Mar rogha air sin agus chun Clárú Ar Líne, téigh go dtí www.nppr.ie

TEAGMHÁIL: I gcás fiosrúcháin faoi Dhliteanas nó faoin bhFoirm Chlárúcháin, déan teagmháil le do thoil le d'Údarás Áitiúil. Déan cuairt ar **https://www.nppr.ie/contactus.aspx** chun sonraí teagmhála a fháil.

TABHAIR FAOI DEARA: *Bainfear úsáid as sonraí clárúcháin atá bailithe ag Cónaí Príobháideach Neamhphríomha (CPN) ag teacht le forálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 agus le haon reachtaíocht ábhartha eile. Ní ghlacfar ach le foirmeacha atá comhlánaithe go hiomlán*